



Eleathanach 382



Dé Máirt, an 4 Bealtaine, 2021

Ealaíontóir a bhaineann úsáid as craobhóga ó chrainn!



An bhfeiceann tú craobhóga nó daoine?

Is ealaíontóir ó Londain é Chris Kenny. Bailíonn sé craobhóga a thit ó chrainn agus baineann sé úsáid astu chun píosaí ealaíne a chruthú.

Cruthaíonn sé portráidí agus íomhánna de dhaoine ag damhsa. Le cúig bliana anuas tá Chris Kenny ag obair leis an meán ealaíne seo.

Braitheann na híomhánna ar shamhlaíocht an duine atá ag breathnú orthu. Ar lámh amháin níl i gceist ach craobhóga ach ar an lámh eile, is féidir daoine a fheiceáil iontu.

An dtaitníonn a chuid ealaíne leat? Ar mhaith leat píosa ealaíne a chruthú ag baint úsáid as craobhóga? Ar ndóigh, ba cheart craobhóga a bhailiú ón talamh, seachas iad a bhaint de chrainn.

Saol nua don bhéar bán seo sa Rúis!

An bhliain seo caite thug grúpa mianadóirí faoi deara go raibh béar bán óg in aice lena gcampa. Bhí na mianadóirí ag obair sa Chiorcal Artach ar oiléan iarghúlta, Severnaya Zemlya.

Thuig siad go raibh ocras an domhain ar an mbéar bán, agus thosaigh siad ag tabhairt bia dó. Is cosúil go raibh an béar bán leis féin. Toisc go raibh na mianadóirí cineálta don bhéar, bhí sé an-chairdiúil leo freisin. Bhí sé cosúil le peata, seachas béar!

Tháinig deireadh le tréimhse oibre na mianadóirí agus bhí siad buartha faoin mbéar bán. Ach, d'éirigh le grúpa ó Zú Moscow an béar bán a aimsiú agus tá cónaí air anois sa zú sin.

Toisc nach bhfuil ach 31,000 béar bán ar domhan, tá gach ceann acu tábhachtach!



Arlene Foster agus Michelle O'Neill



Arlene Foster ag éirí as mar cheannaire an DUP

Ó 2015 tá Arlene Foster ina ceannaire ar an bPáirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) i dTuaisceart Éireann. I rith a téarma mar cheannaire den DUP, bhí Arlene páirteach i mBreatimeacht.

Tá sí ina Céad-Aire i dTuaisceart Éireann freisin agus is í Michelle O'Neill an LeasChéad-Aire.

An tseachtain seo caite, dúirt Arlene Foster go bhfuil sí ag éirí as an dá ról. Faoi láthair, níl a fhios ag aon duine cé a ghlacfaidh leis an ról mar cheannaire an pháirtí.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

